



Comhdháil
Náisiúnta
na Gaeilge

SAMHAIL NUA MHAOINITHE
FHORAS NA GAEILGE

Aighneacht Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge
Meitheamh 2011



CÚLRÁ

D'fhógair Foras na Gaeilge athbhreithniú ar an gcóras bunmhaoinithe ag cruinniú leis an naoi n-eagraíocht déag bunmhaoinithe dar 22 Aibreán 2008. Sa chruinniú sin thug Príomhfheidhmeannach an Fhorais gealltanas nach n-úsáidfí an t-athbhreithniú mar “shlat sciúrtha” ar na heagraíochtaí bunmhaoinithe, ach go mbeadh neartú chur chun cinn na Gaeilge mar thoradh an athbhreithnithe.

Fuair Foras na Gaeilge treoir ón gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas an 2 Nollaig 2009 athstruchtúrú a dhéanamh ar an mbealach a gcuirtear maoiniú ar fáil don earnáil bhunmhaoinithe Ghaeilge.

Samhail Nua Mhaoinithe

I mí Bealtaine 2010, d'fhógair Foras na Gaeilge Samhail Nua Mhaoinithe, a bhí "glanta i bprionsabal" ag an gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas. Punann scéimeanna a bhí i gceist de réir na gcatagóirí atá leagtha amach thíos:

- Abhcóideacht agus taighde
- Raidió Pobail
- Na hEalaíona
- Oideachas
- Cumasú pobail
- Tacaíocht do theaghlaigh
- An Óige

Faoin tSamhail Nua Mhaoinithe tá athruithe suntasacha á mbeartú sa bhealach ina ndéanann Foras na Gaeilge maoiniú a dháileadh ar earnáil dheonach na Gaeilge. Mar chuid den tSamhail, bheadh iarratasóirí á maoiniú, bunaithe ar chur i bhfeidhm na dtionscadal luaite sa scéim, is é sin na costais incháilithe agus cheadaithe, seachas bunaithe ar shamhail an bhunmhaoinithe eagraíochtúil mar a bhí go dtí seo.

Chuir Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge dhá aighneacht faoi bhráid Fhoras na Gaeilge go dtí seo maidir leis an tSamhail Nua Mhaoinithe. Bhí cur síos sna

haighneachtaí sin ar an gcomhthéacs reatha san earnáil, ar aidhm agus feidhm na Comhdhála, agus ar na réimsí oibre agus na tionscadail a thugann an Chomhdháil fúthu i gcomhlíonadh na haidhme agus na feidhme sin.

Leagtar amach in aighneacht na Comhdhála thíos bunús an ábhair inní i dtaobh na Samhla mar atá molta faoi láthair.

RÉAMHRÁ

Fáiltíonn Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge roimh an deis aighneacht a chur faoi bhráid Fhoras na Gaeilge maidir leis an tSamhail Nua Mhaoinithe chun tógáil ar na haighneachtaí atá seolta cheana.

Failtímid go mór roimh eagrú na seisiúin eolais maidir leis an tSamhail Nua Mhaoinithe chun plé a dhéanamh ar chúlra agus ar phrionsabail na scéimeanna agus ionchur na n-eagraíochtaí a fháil maidir le critéir agus réimsí oibre na scéimeanna, roimh an deis ar ionchur leanúnach sa phróiseas athbhreithnithe trí rannpháirtíocht ionadaithe na nEagraíochtaí Bunmhaoinithe ar an gCoiste Comhairleach, agus roimh an deis ar ionchur an phobail i gcoitinne sa phróiseas seo tríd an bpróiseas comhairliúchán poiblí deich seachtaine i dtaca leis an tSamhail Nua Mhaoinithe a réachtáil an Foras agus a tháinig chun deiridh le déanaí.

COMHTHÉACS NA HAIGHNEACHTA

Is ábhar buartha é don Chomhdháil an mhodheolaíocht a bhain leis an gcur chuige i dtreo atheagrú na hearnála ó chuir Foras na Gaeilge tús leis an bpróiseas seo mí Aibreán 2008. Fiú agus muid anois sa cheathrú bliain den atheagrú, ní léir don Chomhdháil go bhfuil an anailís tionchair agus anailís riosca maidir leis an gcinneadh deireadh a chur le bunmhaoiniú tríd an tSamhail Nua Mhaoinithe curtha i gcrích ag an bhForas, rud atá riachtanach lena chinntiú gur chun leas chur chun cinn na Gaeilge an cinneadh sin.

Moltar san aighneacht seo gur gá go gcuimseodh aon mhúnla maoinithe nua na nithe uile seo a leanas:

- tacaíocht do neamhspleáchas na hearnála maraon le forbairt inmharthana na hearnála;
- próiseas chun an gaol idir an earnáil agus taobh an Stáit a láidriú agus a fhorbairt go leanúnach;
- comhordú ar sheirbhísí chur chun cinn na Gaeilge;
- tosaíochtaí a thabhairt do sheirbhísí a sholáthraítear don phobal ar bhonn chomhaontaithe;
- luach ar airgead i gcónaí i soláthar na seirbhísí sin;
- comhoibriú agus obair ar bhonn chomhpháirtíochta a spreagadh;
- croí-mhaoiniú de réir bhuiséad ilbhliantúil.

Maidir leis an scéim *Abhcóideacht agus Taighde* molta, tagraítear sa dréachtaighneacht don sainmhíniú teoranta ar abhcóideacht atá curtha ar fáil ag Foras na Gaeilge go dtí seo. Moltar sainmhíniú níos leithne a aithníonn ilghnéitheacht an mhórphobail agus a chuimsíonn abhcóideacht thar ceann na spriocphobal éagsúla sa mhórphobal de réir tosaíochtaí agus i mbealach éifeachtach.

AIGHNEAUGHT NA COMHDHÁLA

1. Abhcóideacht

“Is é an bhrí a thuigimid le **abhcóideacht** ná úsáid straitéiseach a bhaint as faisnéis chun ócáidí agus saincheistean a chur i láthair ar bhealach a thacaíonn leis an Ghaeilge, a thógann tacaíocht i measc an phobail dá réir agus a chuireann dearchthaí neamhthacúla ó rath nó a athraíonn iad agus a théann i gcion ar lucht chumtha beartas.”

[Cúlra agus Réasúnaíocht an Chuíchóirithe - Cur i láthair - 30 Márta 2011, Sleamhnán 14, Foras na Gaeilge, 2011]

Aithníonn an Chomhdháil go bhfuil dhá phríomhchineál abhcóideachta riachtanach i gcás chur chun cinn na Gaeilge –

- i. abhcóideacht a bhfuil mar sprioc aici tionchar a imirt ar pholasaí an Stáit;
- ii. abhcóideacht a bhfuil mar sprioc aici dul i bhfeidhm ar mheoin an phobail agus ar na gníomhaíochtaí dá réir.

Cé gur minic go mbíonn an dá chineál abhcóideachta seo comhlántach, ní hionann i. agus ii. thuas. Is gá sin a thógáil san áireamh in aon sainmhíniú ar abhcóideacht a chuimsítear faoin tSamhail Nua Mhaoinithe.

Faoi láthair, tá eagraíochtaí i mbun stocaireachta sna sainréimsí lena mbíonn siad ag plé, lena n-áirítear Oideachas, An Óige, Na hEalaíon, úsáid na Gaeilge leis an Stáit, na Meáin, agus cur chun cinn na Gaeilge i measc an phobail. Maidir leis an moladh go mbeadh maoiniú ar fáil ón bhForas faoin tSamhail Nua Mhaoinithe d’aon eagraíocht amháin abhcóideachta a bheadh ag feidhmiú ar bhonn uile-oileánda, ní mór a aithint go gcaithfeadh go mbeadh eagraíocht abhcóideachta ionadaíoch ar phobal uile na Gaeilge chun i. agus ii. thuas a chomhlíonadh go héifeachtach lena chinntiú go ndírítear acmhainní teoranta chur chun cinn na Gaeilge ar na tosaíochtaí aitheanta.

Ní hionann stocaireacht ag leibhéal sainréimse eagraíochtúil agus abhcóideacht struchtúrtha ar an Stát maidir le forbairt na Gaeilge ar bhonn náisiúnta. Tagann buntáiste na scátheagraíochta chun cinn dá réir. Déanann Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, ina cháil mar scátheagraíocht ar earnáil dheonach na Gaeilge, comhordú ar obair abhcóideachta na hearnála.

2. Croí-mhaoiniú de réir bhuiséad ilbhliantúil

In óráid a thug an tAire Phil Hogan, Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtas Áitiúil, ag Comhdháil *The Wheel* ar 26 Bealtaine 2011, d'fhógair an tAire go bhfuil i gceist aige leanúint le croí-mhaoiniú de réir bhuiséad ilbhliantúil don earnáil phobail agus dheonach. D'aithin an tAire an tábhacht a bhaineann le croí-mhaoiniú chun:

- seasmhacht in obair eagraíochtaí na hearnála a dheimhniú;
- soláthar leanúnach ar sheirbhísí riachtanacha don phobal a chinntiú; agus
- saineolas a choinneáil agus a chothú san earnáil.

Chruthódh Samhail Nua Mhaoinithe faoina mbeadh maoiniú tionscnaimh amháin ar fáil baol don obair reatha agus do na beartais forbartha atá ar bun ag earnáil dheonach na Gaeilge. Bheadh impleachtaí suntasacha don obair chur chun cinn na Gaeilge mar aon le torthaí na hoibre sin dá réir.

Ról an Fhorais

Bunaíodh Foras na Gaeilge, ar 2 Nollaig 1999, leis an nGaeilge a chur chun cinn ar fud na hÉireann, agus iad freagrach as maoiniú eagraíochtaí agus cúraimí a bhíodh roimhe sin ar Bhord na Gaeilge. Faoi láthair, cuireann an Foras maoiniú bliantúil ar fáil d'eagraíochtaí na hearnála deonaí Gaeilge, maoiniú a íocann as riar na n-eagraíochtaí agus as na tionscadail a chuireann siad i gcrích. Faoi láthair is naoi n-eagraíocht déag a fhaigheann bunmhaoiniú den chineál seo ó Fhoras na Gaeilge.

Tá sé leagtha síos chomh maith mar ról ag Foras na Gaeilge comhairle a chur ar CATT maidir leis na himpleachtaí a bhaineann le cinntí na CATT. Ní mór don bhForas anailís riosca chuimsitheach a chur i gcrích roimh aon athrú ar an struchtúr maoinithe reatha a mholadh, torthaí na hanailíse sin a fhoilsiú agus a chur in iúl don CATT, agus gan aon chéim a ghlacadh a bhainfeadh d'obair chur chun cinn na Gaeilge. Glactar leis go léireodh anailís riosca den chineál molta an tábhacht a bhaineann le cloí le croí-mhaoiniú na n-eagraíochtaí, mar atá aitheanta san earnáil phobail agus dheonach i gcoitinne.

3. Luach ar airgead i soláthar seirbhísí don phobal

Déantar an cur síos seo a leanas faoin gceannteidil *Luach ar Airgead – Tomhais* sa doiciméad ‘Seisiún Eolais Maidir leis an tSamhail Nua Mhaoinithe 30 03 11’ -

“Luach ar Airgead - Tomhais

Ní mór do na tionscadail a mhaoineofar faoi na Scéimeanna seo dul i ngleic le ceisteanna mar seo a leanas ar bhealach atá intomhaiste:

- Cad é an *t-ardú* sa mhéid úsáide a bhfuiltear ag súil leis (nó cad é an leibhéal atáthar ag iarraidh a chothabháil, i gcás go raibh an leibhéal ag dul síos)?
- Cé a bhainfidh tairbhe as seo agus cé mhéad daoine atá i gceist? Cad iad na hathruithe teangeolaíochta a thabharfaidh siad faoi deara?
- Conas is féidir a chruthú go ndearnadh dul chun cinn agus conas is féidir a chruthú go mbaineann an dul chun cinn sin leis an gcaiteachas a rinneadh ar an tionscadal/gníomhaíocht seo?
- Conas a chuirfidh na daoine a ghlacfaidh páirt sa tionscadal/gníomhaíocht aiseolas ar fáil faoi na hathruithe teangeolaíochta a tharla ina gcás féin.
- An bhfuil na torthaí sonracha, indéanta agus réalaíoch i bhfianaise an mhéid airgid a bheidh ar fáil?
- An féidir na torthaí a bhaint amach laistigh de shaolré na ngníomhaíochtaí nó an gá iad a thomhas arís ar ball ina dhiaidh sin? (Níltear ag súil, ar ndóigh, gur féidir le heagrais pátrúin úsáide atá seanbhunaithe a athrú laistigh d’aon bhliain airgeadúil amháin.)
- An bhfuil nasc soiléir idir an fhianaise a léiríonn an gá leis an tionscadal/gníomhaíocht agus na torthaí a bhaineann leis/léi?

Go bunúsach an rud atá i gceist ná cad é mar a dhéanfar tomhas ar thorthaí an tionscadail.”

[Foras na Gaeilge, Márta 2011]

Aithnítear, i bhfianaise na géarchéime eacnamaíochta reatha ach go háirithe, nach mór go gcuirfí an-bhéim ar an luach ar airgead is fearr a bhaint amach ar airgead an cháinióóra. Maítear go mbaineann an t-athstruchtúrú molta ag Foras na Gaeilge leis an luach ar airgead is fearr a fháil ón gciste maoinithe, mar aon leis an tsamhail is fearr agus is éifeachtaí d’fhonn an Ghaeilge a chur chun cinn a chur i gcrích agus leis na seirbhísí is fearr a sholáthar do phobal labhartha na Gaeilge.

Is é atá sa sliocht thuas, áfach, ná cur síos ar tháscairí feidhmíochta chun measúnú leanúnach a dhéanamh ar dhul chun cinn na hoibre. Ní hionann sin agus tomhais ar luach ar airgead. Is gá, dá réir, foirmle cuí a cheapadh, bunaithe ar bhunphrionsabail eacnamaíochta agus fréamhaithe sa phleanáil teanga, chun luach ar airgead a chinntiú maidir leis an gcaitechas ar chur chun cinn na Gaeilge.

4. Tacaíocht do neamhspleáchas na hearnála maraon le forbairt inmharthana na hearnála

Tá sé tábhachtach go n-aithnítear tríd an athstruchtúrú go bhfuil neamhspleáchas na hearnála lárnach don obair ar chur chun cinn na Gaeilge i measc an phobail i gcoitinne, obair abhcóideachta ach go háirithe. Tá sé riachtanach go mbuanófar agus go bhforbrófar cumas na hearnála feidhmiú go neamhspleách, go gcothaítear guth neamhspleách na hearnála chun tuairimí agus moltaí a chur chun cinn, agus go n-éiríonn leis an earnáil freagrachtaí an Stáit i leith na Gaeilge a chur in iúl do lucht dréachtaithe beartais.

Ní mór go mbeadh béim ar neamhspleáchas na hearnála in aon Samhail Nua Mhaoinithe a chuirfear i bhfeidhm agus go gcuimseodh an tSamhail sin na céimeanna cuí chun earnáil neamhspleách agus inmharthana a chothú chun leas na Gaeilge.

5. Próiseas chun an gaol idir thaobh an Stáit agus an earnáil dheonach a láidriú agus a fhorbairt go leanúnach

Tá tábhacht ar leith ag baint le cineál an choibhnis idir thaobh an Stáit agus an earnáil dheonach. Aithnítear an gaol seo mar bhunchloch do sheachadadh seirbhísí ar an mbealach is éifeachtaí don phobal.

Is gá go mbeadh mar bhunús don tSamhail Nua Mhaoinithe go gcruthaítear gaol láidir idir na páirtithe leasmhara bunaithe ar chomhthuisceant agus chomh-mheas chun leas ár gcomhspricanna maidir le cur chun cinn na Gaeilge.

6. Comhordú ar sheirbhísí chur chun cinn na Gaeilge

Is gá d'eagraíochtaí na hearnála úinéireacht a bheith acu ar an obair atá ar bun chun gur féidir leis na heagraíochtaí sin teacht ar mhodhanna feabhsaithe chun comhordú a dhéanamh ar sheirbhísí chur chun cinn na Gaeilge. Faoi láthair, comhlíonann an Chomhdháil ról comhordaithe i measc na mballeagraíochtaí trína dhírítear ar chomhoibriú agus obair i gcomhar lena chéile i measc eagraíochtaí na hearnála.

Is gá go dtacódh an tSamhail Nua Mhaoinithe leis an gcur chuige sin i mbealach nach gcothaíonn iomaíocht mhí-shláintiúil idir eagraíochtaí na hearnála. D'fháilteodh an Chomhdháil roimh aitheantas don tábhacht a bhaineann leis an obair chomhordaithe i measc eagraíochtaí na hearnála agus a chuirfeadh ar ár gcumas cur leis an obair sa réimse seo de réir ár bpleananna oibre agus forbartha.

7. Tosaíochtaí a thabhairt do sheirbhísí a sholáthraítear don phobal ar bhonn chomhaontaithe

Mar a aithníodh faoi alt 3 thuas, tá ról lárnach ag gach eagraíocht maidir le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na hearnála a fhorbairt. Is ar mhaithe le cur chuige comhaontaithe maidir le tosaíochtaí a thabhairt do sheirbhísí é seo, agus lena chinntiú go seachnaítear trasnaíl ar obair a chéile agus go mbaintear amach an luach ar airgead is fearr trí ghníomhaíochtaí na hearnála.

8. Comhoibriú agus obair ar bhonn chomhpháirtíochta a spreagadh

Aithnítear cur chuige ar bhonn chomhpháirtíochta idir an maoinitheoir agus na heagraíochtaí deonacha atá bunaithe ar chomhleasanna a chur chun cinn agus ar bhaint amach comhspricanna mar chur chuige éifeachtach. Tugtar éisteacht chothrom do ghuthanna uile na hearnála agus bíonn deis dá réir ionchur a bheith ag na guthanna leasmhara sin i gceapadh polasaithe tríd an gcomhpháirtíocht.

Is gá go mbeadh a leithéid de chur chuige lárnach d'aon Samhail Nua Mhaoinithe a chuirfear i bhfeidhm amach anseo.

FOCAL SCOIR

Tá sé soiléir anois ó na seisiúin eolais go bhfuil cur chuige difriúil molta do scéimeanna difriúla. I gcás scéimeanna áirithe aithnítear go gcaithfear díriú ar chur chuige de réir dhlínse, de réir ‘ceantar’ i gcás na scéime Raidió Pobail, nó de réir ‘réimse’ i gcás na scéimeanna Óige agus Ealaíon. In ainneoin sin, ní aithnítear an tábhacht a bhaineann le cur chuige logánta i gcás scéimeanna eile molta faoin tSamhail Nua Mhaoinithe. Níl léir cén bhunús atá leis na héagsúlachtaí sin idir na scéimeanna molta.

Go sonrach, maidir leis an scéim Oideachais, faoi láthair tá scéim amháin molta a chlúdaíonn earnáil na Gaelscolaíochta agus múineadh na Gaeilge sa chóras oideachais i gcoitinne araon. Is dhá earnáil ollmhóra iad seo atá neamhspleách óna chéile agus a bhfuil sainriachtanais éagsúla ag a ngeallsealbhóirí. Molann an Chomhdháil go láidir go ndéanfar na réimsí seo a scaradh in aon Samhail Nua Mhaoinithe a chuirfear i bhfeidhm mar aitheantas ar shainriachtanais éagsúla na réimsí sin.

Cé nach bhfuil ach 7 scéim luaite faoin bpunann scéimeanna ar an bhfoirm chomhairliúcháin poiblí, cuireadh in iúl do na heagraíochtaí bunmhaoinithe sa dara seisiún eolais go bhfuil 10 scéimeanna beartaithe faoin tSamhail Nua Mhaoinithe. Meastar athrú mar sin a bheith ina athrú i dtéarmaí an chomhairliúcháin agus an comhairliúchan fós ar siúl. Ní call a rá go dtagann sé sin salach ar an dea-chleachtas inmholta maidir le comhairliúcháin poiblí.

CONCLÚID

Moltar go láidir go ndéanfar gach iarracht na línte cumarsáide idir na páirtithe leasmhara, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Foras na Gaeilge, agus na heagraíochtaí bunmhaoinithe a choinneáil ar oscailt ag gach céim den athstruchtúrú. Thabharfadh sé sin an deis don earnáil tuairimí meáite agus moltaí maidir le hobair i gcomhar lena chéile chun leas na Gaeilge a chur chun cinn go rialta. Chinnteodh sin ionchur luachmhar na hearnála sa phróiseas athstruchtúraithe chomh maith, chabhródh sé go mór chun bainistíocht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na n-athraithe atá le déanamh ar an struchtúr maoinithe amach anseo, agus leagfadh sé síos cleachtas a éascódh forbairt ar chód rialachais iomlánaíoch don earnáil amach anseo.

Tá an Chomhdháil ag súil go mór le ról lárnach a bheith aici san athstruchtúrú atá ar bun ar mhaithe leis na seirbhísí líne-tosaigh do phobal na Gaeilge a chosaint agus lena chinntiú gur barrfheabhais sna seirbhísí sin a bhíonn mar thoradh ar an athstruchtúrú.